Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

## Réamhrá

Mar oifigeach cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an Cuntas Leithghabhála don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí Ginerálta an Uachtaráin maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an táirgeacht caiteachais a chomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin an tAcht Leithreasa 2013, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh..

Dlitear barrachas € 79,999 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas An Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Claíodh leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta in ullmhú an Chuntais.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

Bíonn Teaghlachas an Uachtaráin ag brath ar an Roinn Airgeadais do sholáthar feidhme íocaíochta agus seirbhíse cuntasaíochta.

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig Teaghlachas an Uachtaráin.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh in Oifig Teaghlachas an Uachtaráin.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Bíonn an Oifig ag brath ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh arna soláthar ag Roinn an Taoisigh a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí acu agus a fheidhmíonn faoi chairt scríofa atá faofa agam. Faigheann a cuid oibre treoir ó anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh agus é mar aidhm na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollaithe thar thréimhse réasúnach. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus a chlár oibre faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil uaim féin agus ón gCoiste Iniúchóireachta a fheidhmíonn faoi shainchúram Roinn an Taoisigh. Mar gheall ar scála agus ar nádúr oibríochtaí na hOifige agus an measúnú ar rioscaí, níor tugadh faoi aon obair iniúchta inmheánaigh in 2013. Féachfar air sin arís in 2014. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm agam lena chinntiú go leanfar suas tuarascálacha fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

20 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Teaghlachas an Uachtaráin. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

28 Meitheamh 2014

# Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin
# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 2,137 | 1,987 | 2,059 |
| B | Deolchaire daoine in aois a 100 | 1,025 | 1,118 | 1,006 |
| | **Ollchaiteachas** | **3,162** | **3,105** | **3,065** |
| | ***Bain de*** | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **100** | **123** | **104** |
| | **Glanchaiteachas** | **3,062** | **2,982** | **2,961** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 79,999 | 41,107 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | 1,731 | 1,626 | 1,622 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 125 | 102 | 128 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 125 | 136 | 154 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 90 | 83 | 86 |
| v | Trealamh oifige agus soláthartaí oifige agus seirbhísí gaolmhara | 121 | 94 | 121 |
| | | 2,192 | 2,041 | 2,111 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas um Chostas Feidhmiúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 1,065 | 954 |
| Pá | | 1,626 | 1,622 |
| Caiteachas eile | | 414 | 489 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,105** | **3,065** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **(123)** | **(104)** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,982** | **2,961** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgid | (24) | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairt | (7) | | |
| Dímheas | 18 | | |
| | | (13) | 1 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 61 | | |
| Laghdú ar stoc | 15 | | |
| | | 76 | (1) |
| **Caiteachas díreach** | | **3,045** | **2,961** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (Nóta 1.1) | | 4,604 | 4,448 |
| **Costas glan clár** | | **7,649** | **7,409** |

#### 1.1 Glanluacháil Seirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a íocadh as cistí eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 69 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus liúntais scoir | m | 497 | 490 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 2,182 | 2,261 |
| Vóta 20 Garda Síochána | m | 193 | 193 |
| Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | m | 277 | 272 |
| Vóta 36 Cosaint | m | 389 | 400 |
| An Lárchíste (Luach Saothair agus liúntais an Uachtaráin agus pinsin na n-iar-Uachtarán agus/nó baintreach iar-Uachtarán). | m | 997 | 802 |
| | | 4,604 | 4,448 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | **38** | **25** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 42 | (23) |
| Stoic | 2.4 | 59 | 74 |
| Réamhíocaíochtaí | | 10 | 41 |
| Ioncam carntha | | 2 | 13 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.6 | 5 | 64 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **118** | **169** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais carntha | | 72 | 53 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 47 | 41 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **119** | **94** |
| **Glandliteanais reatha** | | (1) | 75 |
| **Glanscmhainní** | | **37** | **100** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **37** | **100** |

| **2.1 Cuntas maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 100 | 100 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,062 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (80) | | |
| Vóta glan | | | 2,982 | 2,961 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,604 | 4,448 |
| Costas glan clár | 1 | | (7,649) | (7,409) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **37** | **100** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh teicneolaíochta faisnéise | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 252 | 93 | 345 |
| Breiseanna | 24 | 7 | 31 |
| Diúscairtí | — | (7) | (7) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 276 | 93 | 369 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 228 | 92 | 320 |
| Dímheas don bhliain | 16 | 2 | 18 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (7) | (7) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013 | 244 | 87 | 331 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **32** | **6** | **38** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **24** | **1** | **25** |

## 2.3 Banc agus Airgead

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead ag an bPámháistir Ginearálta | 42 | 48 |
| Orduithe gan íoc | — | (71) |
| | 42 | (23) |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 52 | 70 |
| Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise | 7 | 4 |
| | 59 | 74 |

## 2.5 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 21 | 19 |
| Árachas Sóisialta Páchoibhneasta | 8 | 6 |
| Tobhach Pinsin | — | — |
| Tabhairt suas deonach ar thuarastal | 6 | 6 |
| Tobhach Ioncaim | — | — |
| Ioncaim ranníocaíochtaí | 2 | 2 |
| | 37 | 33 |
| Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí | 10 | 8 |
| | 47 | 41 |

| **2.6 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 80 | 41 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (85) | (105) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (5) | (64) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (37) | (33) |
| Glanstaid leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead | 42 | (23) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (10) | (8) |
| | (5) | (64) |

| **2.7 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 48 | 29 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Teaghlachas an Uachtaráin** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 1,691 | 1,588 | 1,585 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 446 | 399 | 474 |
| | | 2,137 | 1,987 | 2,059 |
| **B** | **Deolchaire daoine in aois a 100** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 40 | 38 | 37 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 15 | 15 | 15 |
| B.3 | Deolchaire daoine in aois a 100 | 970 | 1,065 | 954 |
| | | 1,025 | 1,118 | 1,006 |

**Athruithe suntasacha**

Bhí an caiteachas €57,000 níos lú ná mar a measadh a bheadh sé. Níor chomhlíon aon aschur fo-cheannteidil ar bith na critéir chun na difríochtaí a mhíniú.

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí inseanchoibhneasta as luach saothair seirbhíse poiblí. | 90 | 88 | 89 |
| 2. | Admhálacha ilghnéitheacha | 10 | 35 | 15 |
| | | 100 | 123 | 104 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh. Thairis sin, níor chomhlíon aon táirgeacht sa Vóta seo na critéir sa bhliain 2013.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ionann agus lánaimseartha) | 25 | 25 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,492 | 1,483 |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgas breise | 59 | 59 |
| Ragobair | 17 | 29 |
| ÁSPC fostóra | 59 | 51 |
| **Pá iomlán** | **1.627** | **1,622** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2013 | Íocaíocht aonair is mó 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgas breise | 11 | 3 | 19,108 | 19,108 |
| Ragobair | 13 | — | 3,902 | 4,193 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise faoi níos mó ná catagóir amháin.